4

Focail Dheacra

	Lch
sceitimíní áthais dord-druma	36
crann na brataí	37
reisimint fiarghualainn	38
earcaíocht	39
fuadrach marcshlua	40
fear briste umhal a cheansú docheansaithe	41
caipín speiceach	42
macasamhail	44

Frásaí

	Lch
sláinte an bhradáin	40

Ceisteanna Bunaithe ar Fhianaise

1. Cá háit a ndeachaigh athair Albert le Joey agus Zoey?
2. Cad é a chonaic Joey den chéad uair i rith an turais sin?
3. Cén cineál éide a bhí ar na fir?
4. Cén cineál ceoil a bhí ann?
5. Cá háit ar casadh athair Albert leis an Chaptaen Nicholls den chéad uair?
6. Cad é mar a chuir athair Albert síos ar Joey agus é ag caint leis an Chaptaen Nicholls sa teach tábhairne?
7. Cá mhéad a thug an Captaen ar Joey?
8. Cad chuige nár thug an Captaen Nicholls an t-airgead d'athair Albert láithreach bonn?
9. Cad é a rinne Joey nuair a thuig sé an rud a bhí ag tarlú?
10. Cén fáth nach raibh an Captaen Nicholls sásta Albert a ghlacadh isteach san arm?
11. Cén sloinne atá ar Albert?
12. Cad é an gealltanas a thug an Captaen Nicholls do Albert sular fhág sé?

Ceisteanna Tátalacha

1. Cad é a thugann le fios dúinn gur mhothaigh athair Albert ciontach faoin rud a bhí ar bun aige sa stábla?
2. Cén fáth ar tháinig imní mhór ar Joey de réir a chéile, dar leat?
3. Cad chuige a raibh bratacha ag na páistí, do bharúil?
4. Cad é a thugann le fios dúinn gur duine maith é an Captaen Nicholls?
5. Cad é mar atá a fhios againn gur mhothaigh athair Albert buartha faoin rud a bhí ar bun aige sa tsráidbhaile?
6. Cad é an frása a úsáideann an tréidlia le sláinte Joey a chur in iúl?
7. Tugann an Captaen Nicholls 'a fheirmeoir' ar athair Albert, agus tugann sé 'a Uasail Narracott' ar Albert. Cén fáth, do bharúil?
8. Cén cineál duine é an Captaen Nicholls? Cén fáth a síleann tú sin?

Ceisteanna Smaointeoireachta

1. Cad é a rinne an t-údar leis an teannas a chruthú ag tús na caibidle seo?
2. An bhfuil trua ar bith agat d'athair Albert? Tabhair cúis le do fhreagra.

Gníomhaíocht

Gníomhaíocht 1: Scríbhneoireacht

Cuntas Dialainne

Scríobh an cuntas a chuir Albert ina dhialann an lá sin nuair a dhíol a athair Joey leis an Chaptaen Nicholls.

Déan cinnte go bhfuil na pointí seo a leanas sa chuntas:

- an brón atá air cionn is nach bhfuil Joey ar an fheirm a thuilleadh
- na rudaí a rinne sé le Joey
- an dóigh a mothaíonn sé faoina athair
- an plean atá aige don todhchaí
- an dearcadh atá aige ar an Chaptaen Nicholls.

Gníomhaíocht 2: Úsáid TFC

Cuireadh póstaeir in airde le fir óga a mhealladh le páirt a ghlacadh sa chogadh nó le himpí orthu gan dul i mbun cogaíochta. Amharc ar an tsampla seo ó Mheiriceá agus samplaí eile ar líne atá ar son agus in éadan na cogaíochta. Dear póstaer earcaíochta a spreagfadh na fir óga le dul isteach san arm nó póstaer frithchogaidh le brú a chur ar na fir óga gan liostáil san arm.
Ba cheart íomhá éifeachtach a roghnú agus ráiteas láidir a scríobh taobh leis.